# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2004

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

(**NÁ** cuir na leathanaigh seo isteach le do fhreagarleabhar)

*FOINSÍ*


**1. PICTIÚIR**

**PICTIÚR A1.**




Foinse: Bibliothèque Nationale de France

**PICTIÚR A2.**



Foinse: Musaém Victoria and Albert

**PICTIÚR B.**





Foinse: S. Duffy, ed: “Atlas of Irish History”

**PICTIÚR C1.**



**Foinse: Corbis**

**PICTIÚR C2.**




**Foinse: Corbis**

## 2. DOICIMÉID

### DOICIMÉAD 1.

**Sliocht é seo as tuairisc le Peter Walker, imirceoir Éireannach sa Bhreatain. Chaith sé tréimhse in arm na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda.**

"Sna 1930idí tír ba ea Éire ina raibh an geilleagar bunaithe cuid mhór ar thalmhaíocht agus ba bheag tionscal forbartha a bhí ann, go háirithe sna ceanntair faoin tuath. Bhí teorainn leis na seansanna a bhí ann don lucht oibre ó thaobh an oideachais de. Ní raibh deis ach ag an mionlach le pribhléidí dul go dtí an triú leibhéal. D'fhágadh na daoine an scoil in aois a 14, agus beagnach gach clann bhí duine nó beirt acu sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe nó san Astráil…….d'fhág mise Éire sa bhliain 1937 in aois a 15½ chun dul ag obair i Sasana, i mBermingham agus i Manchester.

Sa bhliain 1939, nuair a fógraíodh an cogadh, chuaigh mé isteach in arm na Breataine "le dúil" i spiorad eachtraíochta agus chun an domhan a fheiceáil. Post ba ea é chomh maith. Chuaigh mé isteach sna Royal Enniskillen Fusiliers agus is in Ómaigh a bhí mo bhunáit. Aistríodh mé go dtí an Royal Artillery i 1940. Chuaigh mé go dtí Woolwich, ceanncheathrú an Royal Artillery.

Cuireadh thar lear mé leis an reisimint go dtí an Afraic Thuaidh i 1942. Rinne mo reisimint seirbhís míleata san Afraic Thuaidh leis an Ochtú Arm ar a dtugtaí de ghnáth Francaigh an Fhásaigh. Ón Afraic Thuaidh chuamar go dtí an tSicil agus ina dhiaidh san go dtí an Iodáil. Sa deireadh chuamar ar aghaidh i dtreo na Róimhe. Fógraíodh go mbeadh an Róimh ina "cathair oscailte", b'shin le rá nach dtroidfí chun ceannas a fháil uirthi. I ndiaidh an chogaidh cuireadh go dtí an Ostair sinn mar chuid den fhórsa forghabhála.

D'úsáidimis gunnaí sé orlach ar trastomhas a bhí ábalta pléascán 100 punt meáchain a theilgean agus raon 15 mhíle aige. Bhí deichniúr fear i ngach fhoireann. Bhí orainn na gunnaí agus an lón cogaidh a thochailt isteach ionas go mbeidís saor ó bhaol. Chaithfí é seo a bheith réidh againn sula bhféadfaimis ár dtrinsí féin a dhéanamh.

Bhíodh an-chairdeas ann le do chuid compánach agus ba mhór an chúis bróin é nuair a mharófaí cuid de do "mates" nó nuair a ghortófaí iad. Is cuimhin liom gur scriosadh gunna agus gur maraíodh gach duine den deichniúr a bhí sa chriú. Ní raibh fuath againn do na Gearmánaigh mar bhí siad sin ag troid faoi orduithe ar an gcaoi céanna linn féin. Is cuimhin liom colúin de phríosúnaigh Ghearmánacha á dtógáil taobh thiar de na línte."

*Foinse: Agallamh le Peter Walker*

### DOICIMÉAD 2.

**Sliocht is ea é seo as cuntas a thug Séamas Ó Muirí as Cnoc an Chrochaire, Co. Ros Comáin. Ba é a bhí ina chaptaen ar an gcontae nuair a bhuaigh siad craobh na hÉireann sa pheil sna blianta 1943 agus 1944.**

Bhíomar go léir an-tugtha don pheil, ceart go leor. Ar ndóigh, ba bheag eile a bhí le déanamh an uair sin. Is minic a deirim nach raibh an t-airgead chomh flúirseach is atá sé anois. Dá mbeadh gluaisteán agam (fé mar atá ag mo mhac anois), ní bheinnse ag imirt an oiread sin peile sna tráthnónta ach an oiread. Ach bhí an saol an-difriúil an uair úd. Ní raibh aon rud eile le déanamh seachas peil agus iomáint. Tá an iomarca nithe eile ann anois chun aird na ndaoine a tharraingt orthu.

Bhímis ag imirt gach tráthnóna sa tseachtain i rith an tSamhraidh. Chuaigh tú i dtaithí na peile as a bheith ag breaith air i do láimh agus d'éirigh tú chomh cleachtaithe sin chun é a bhualadh ar ais i do lámha as barr na bróige nó chun breith air san aer agus é a chiceáil. Anois ní imríonn siad an oiread sin peile in aon chor; mar sin, ní dóigh liom go bhfuil siad chomh maith ag na scileanna bunúsacha is a bhíomar.

Ach ar ndóigh, bhí na daoine níos aclaí an uair sin. Théimis ar rothair i ngach áit. Is iontach an traenáil í an rothaíocht. Théinn ar rothar go dtí na rincí agus chuig na cluichí peile chomh maith. Pé áit a ndeachaigh tú laistigh de raon cúig mhíle dhéag, is ar rothar a chuaigh tú. Níor smaoinigh tú riamh air. Ní raibh éinne ag gabháil amach tharat i ngluaisteán, mar ní raibh aon ghluaisteán timpeall na háite an uair sin, tá a fhios agat.

An uair sin d'oibríodh na feirmeoirí i bhfad níos déine. Anois, tá tarracóir ag gach feirmeoir. Tá sé ina chuí in airde ar an tarracóir agus déanann sé sin an obair go léir dó. An uair sin, bhíodh sluasaid agua ráca aige ina láimh agus sleán chun an mhóin a bhaint thíos sa phortach. Ba dhian an obair láimhe é go deimhin. Agus ansin ní bhíodh an oiread sin traenála uaidh, tá a fhios agat. Ní raibh sin ag teastáil ónár gcuid buachaillí in aon chor.

Foinse: 'Irish Days' by Margaret Hickey, Kyle Cathie, London 2001